Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2085(INI)

20.10.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Fhorbairt

maidir le cabhair dhaonnúil tráth il-ghéarchéime – ag athdhearbhú ár bprionsabal chun freagairt níos éifeachtaí agus níos uaillmhianaí a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla
(2025/2085(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas :

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), arna dhaingniú ag AE agus ag a Bhallstáit uile,

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP III) do 2021-2025,

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 6 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (WPS),

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 6 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

– ag féachaint do Chomhdháil Idirnáisiúnta 1994 maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a tionóladh i gCaireo, dá Clár Gníomhaíochta agus do thorthaí a comhdhálacha athbhreithnithe,

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 6 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint d'Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta agus do thorthaí a chomhdhálacha athbhreithnithe,

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 6 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2018 maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil,

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint dá rún an 24 Meitheamh 2021 ar staid na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe san Aontas, faoi chuimsiú shláinte na mban[1a]**,**
	[1a] ***IO C 81, 18.2.2022, lch. 43.***

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 9 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil,

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 19 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 29 Samhain 2018 maidir le staid na mban faoi mhíchumas[1a]**,**
	[1a] ***IO C 363, 28.10.2020, lch. 164.***

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris -A (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	-A. de bhrí go bhfuil sochaithe atá comhionann ó thaobh inscne de níos sláintiúla, níos sábháilte, níos córa agus níos rathúla do chách; de bhrí gur réamhchoinníollacha don daonlathas agus do chaomhnú an smachta reachta iad comhionannas inscne agus cearta comhionanna a bhaint amach do mhná;

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	A a. de bhrí go bhfuil neamhionannais inscne thromchúiseacha roimh mhná agus cailíní atá ina gcónaí i gcomhthéacsanna cabhrach daonnúla, amhail rochtain theoranta ar acmhainní, lena n-áirítear bia, easpa oideachais, oibre, sláinte, lena n-áirítear cearta sláinte gnéis agus atáirgthe, agus baol níos mó foréigin inscnebhunaithe agus atáirgthe; de bhrí go mbíonn leanaí a bhfuil cónaí orthu sna staideanna sin níos leochailí freisin; de bhrí go bhfuil mná faoi mhíchumas a bhfuil géarchéimeanna daonnúla os a gcomhair i mbaol méadaithe eisiaimh, idirdhealaithe agus foréigin;

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A b. de bhrí go bhfuil an staid san Afganastáin ag cur brú níos mó fós ar acmhainní daonnúla atá faoi bhrú cheana féin agus ag déanamh cruachás na milliún níos measa, lena n-áirítear mná agus cailíní, atá ag streachailt chun teacht slán;

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
B. de bhrí go bhfuil géarchéim ollmhór chistiúcháin os comhair an chórais dhaonnúil; de bhrí gur tháinig meath gan fasach ar chistiú domhanda do thionscnaimh dhaonnúla, sláinte agus aeráide mar thoradh ar dhíchóimeáil chláir Ghníomhaireacht na Stát Aontaithe um Fhorbairt Idirnáisiúnta (USAID)[6] agus ar an laghdú ar chabhair eachtrach ó	B. de bhrí go bhfuil géarchéim ollmhór chistiúcháin os comhair an chórais dhaonnúil; de bhrí gur tháinig meath gan fasach ar chistiú domhanda do thionscnaimh dhaonnúla, sláinte, comhionnanais inscne agus aeráide mar thoradh ar dhíchóimeáil chláir Ghníomhaireacht na Stát Aontaithe um Fhorbairt Idirnáisiúnta (USAID)[6] agus ar

phríomhdheontóirí eile, lena n-áirítear roinnt Ballstát AE; de bhrí go bhfuil tionchar tubaisteach ag na ciorruithe sin ar an tsláinte dhomhanda – rud a mhéadaíonn tuilleadh an riosca go mbeidh ráigeanna galar tógálach ann – agus ar shlándáil bia; de bhrí go ndéantar difear díréireach do mhná agus do chailíní de bharr na gciorruithe sin; de bhrí go gcuirtear sábháilteacht agus folláine dídeanaithe i mbaol tuilleadh de bharr na gciorruithe sin;

an laghdú ar chabhair eachtrach ó phríomhdheontóirí eile, lena n-áirítear roinnt Ballstát AE***;*** de bhrí nach bhfuil an meath ar chabhair dhaonnúil ach ag géarú ar ghéarchéimeanna daonnúla; de bhrí go bhfuil tionchar tubaisteach ag na ciorruithe sin ar an tsláinte dhomhanda – rud a mhéadaíonn tuilleadh an riosca go mbeidh ráigeanna galar tógálach, toirchis neamhiarrtha agus faoi aois, mortlaíocht máithreacha agus galracht ann – agus ar shlándáil bia; de bhrí go ndéantar difear díréireach do mhná, do chailíní agus do dhaoine LADTIA+ de bharr na gciorruithe sin; de bhrí go gcuirtear sábháilteacht agus folláine dídeanaithe i mbaol tuilleadh de bharr na gciorruithe sin; ***de bhrí gur chuir reo maoinithe na Stát Aontaithe isteach go mór ar iarrachtaí daonnúla, rud a chuir bac ar chur chun feidhme tionscadal, ar sholáthar foirne agus ar an gcumas tacú le mná agus cailíní, a raibh tionchar diúltach ar leith aige ar rannpháirtíocht na mban sa fhreagairt dhaonnúil; de bhrí go sábhálann infheistíocht i gcomhionannas inscne beathaí i suíomhanna daonnúla;*** de bhrí go bhfuil fianaise ann go dtugann clársceidealú daonnúil inscne-fhreagrúil torthaí arda, eadhon USD 8 in aghaidh gach USD 1 a infheistítear[6a]; ***de bhrí go bhfágann Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais atá ann faoi láthair, a ghlac an Coimisiún in 2022, gur colún bunriachtanach de bheartas seachtrach an Aontais í an tsláinte dhomhanda agus gur tosaíocht infheistíochta faoi Global Gateway í;***

[6] An Teach Bán, ‘Reevaluating and Realigning United States Foreign Aid’ [Cúnamh Eachtrach na Stát Aontaithe a Athluacháil agus a Athailíniú], an 20 Eanáir 2025.

[6] An Teach Bán, ‘Reevaluating and Realigning United States Foreign Aid’ [Cúnamh Eachtrach na Stát Aontaithe a Athluacháil agus a Athailíniú], an 20 Eanáir 2025.

[6a] ***https://www.unwomen.org/en/articles/facts-and-figures/facts-and-figures-humanitarian-action.***

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	B a. de bhrí go bhfuil córais chuimsitheacha ann ar leibhéal AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun cabhair dhaonnúil a sholáthar; de bhrí, cé go bhfuil cúnamh daonnúil inscne-fhreagrúil i bhfeidhm, go bhfuil go leor dúshlán fós ann, ar dúshláin iad atá ag dul i méid mar sin féin, maidir le tosaíocht a thabhairt; de bhrí go dtagraíonn 'il-ghéarchéim' do shraith géarchéimeanna casta agus idirnasctha a tharlaíonn ag an am céanna[1a]; ***de bhrí go ndéanann an bhochtaineacht, géarchéimeanna daonnúla, an t-athrú aeráide, coinbhleachtaí, cogaí, an t-antoisceachas, an sceimhlitheoireacht, agus foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht, lena n-áirítear éigniú mar arm cogaidh, teacht i dtír gnéasach, galair ghnéas-tarchurtha, toirchis gan iarraidh agus rochtain theoranta ar acmhainní criticiúla amhail dídean shábháilte, cothú agus uisce, difear díréireach do mhná, do chailíní agus do dhaoine LADTIA+ ar fud an domhain, agus i gcomhthéacs sonracha d'imircigh agus dídeanaithe, agus gur dóchúla go mbeadh sáruithe eile ar chearta an duine rompu , de réir tuairiscí ó roinnt ENRanna, go ndéanfar iad le saoirse ó phionós; de bhrí go bhfuil marthanacht an chleachtais faoina ndéantar ciorrú ball giniúna ban fós ina ábhar mór imní, go háirithe i gcomhthéacs il-ghéarchéime, lena ndéantar leochaileachtaí na mban agus na gcailíní a ghéarú, agus lena n-éilítear dlúthpháirtíocht bhuanseasmhach lena híospartaigh; de bhrí, le linn il-ghéarchéime, go bhfuil sé tábhachtach cabhair dhaonnúil spriocdhírithe a sholáthar do mhná agus do chailíní chun***

iad a chosaint agus chun a áirithiú go mairfidh siad, lena n-áirítear cosaint ar fhoréigean inscnebhunaithe, maolú riosca ginearálta, lena ndéantar rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte, tacaíocht do shlite bheatha, agus rannpháirtíocht sa saol sóisialta agus sa chinnteoireacht a áirithiú;

[1a] ***https://policy-lab.ec.europa.eu/news/unraveling-polycrisis-foresight-and-innovation-2025-03-26_en***

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	B b. de bhrí go mbíonn tionchar tubaisteach ag ciorruithe ar chabhair eachtrach agus ar chúnamh daonnúil ar shláinte dhomhanda, ar chomhionannas inscne agus ar chearta an duine; de bhrí go bhfuil eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta faoi stiúir ban agus eagraíochtaí chearta na mban i measc na n-eagraíochtaí is mó atá buailte, ós rud é gur príomhghníomhaithe iad i gcásanna géarchéime agus go mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar an gcos ar bolg, ar an bhforéigean agus ar shrianta méadaitheacha in go leor áiteanna ar domhan; de bhrí, ag an am céanna, go bhfuil tionchar díréireach ag na ciorruithe sin ar mhná, ar chailíní, ar dhaoine faoi mhíchumas, agus orthu siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, rud a chuireann leis na neamhionannais atá ann cheana agus a chuireann bac ar a rochtain ar sheirbhísí sláinte, ar dhídean sábháilte agus ar bhonneagar bunúsach; de bhrí go ndíríonn na ciorruithe sin go príomha ar thionscadail a bhaineann leis an tsláinte ghnéis, a dhéanann difear díréireach do

ghrúpaí imeallaithe, go háirithe mná agus cailíní, agus ar an gcaoi sin go méadaítear leo, inter alia, an baol go mbeidh ráigeanna galar tógálach ann, go háirithe an baol go mbeidh géarchéim dhomhanda nua VEID ann; de bhrí go ndéanfaidh athbhunú Bheartas Chathair Mheicsiceo (Riail an Ghobáin Dhomhanda) sna Stáit Aontaithe dochar mór do shláinte agus do chearta gnéis agus atáirgthe ar fud an domhain, rud a dhéanfaidh difear do na milliúin, go háirithe iad siúd atá i staideanna imeallaithe; de bhrí go raibh thart ar 108 000 bás máthar agus leanaí agus 360 000 ionfhabhtú nua VEID mar thoradh ar Riail an Ghobáin Dhomhanda (2017-2021) a bhí ann roimhe seo[1a]***;***

[1a] ***https://www.pnas.org/doi/full/10.1073/pnas.2123177119***

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	B c. de bhrí gur sárú ar chearta an duine é foréigean in aghaidh na mban d'aon chineál (foréigean fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch, eacnamaíoch nó cibearfhoréigean), gur cineál tromchúiseach idirdhealaithe in aghaidh na mban é agus go bhfuil sé ar cheann de na príomhchonstaicí ar chomhionannas inscne a bhaint amach;

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	B d. de bhrí gur minic a dhéantar neamhaird in idirghabhálacha daonnúla ar mhná agus ar dhaoine LADTIA+ a bhfuil cineálacha iomadúla agus forluiteacha idirdhealaithe orthu bunaithe ar chine, míchumas, stádas imirce, féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh nó cúlra socheacnamaíoch agus go mbíonn siad níos neamhchosanta ar fhoréigean agus eisiamh;

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	B e. de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar an ionstraimiú atá á dhéanamh ag gluaiseachtaí frith-inscne ar ghéarchéimeanna daonnúla chun cur i gcoinne an chomhionannais inscne agus chun eagraíochtaí na mban a dhídhlisteanú, lena n-áirítear i dtíortha comhpháirtíochta AE;

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	B f. de bhrí, de réir na Náisiún Aontaithe, in 2023 go raibh níos mó ná 600 milliún bean agus cailín ina gcónaí laistigh de 50 ciliméadar de limistéar coinbhleachta, atá níos mó ná 50 % níos airde le hais deich mbliana ó shin;

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	B g. de bhrí go gcuireann neamh-inrochtaineacht fhisiciúil, lena n-áirítear easpa iompair agus bonneagair shábháilte, srian suntasach ar chumas na mban agus na gcailíní rochtain a fháil ar chabhair dhaonnúil, ar chúram sláinte agus ar chosaint;

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
C. de bhrí go bhfuil an choinbhleacht agus an t-athrú aeráide mar an dá phríomhchúis atá leis an méadú ar riachtanais dhaonnúla, agus gur gníomhaíochtaí an duine is cúis leis an dá cheann agus gur féidir iad a aisiompú le gníomhaíocht chomhbheartaithe agus chomhchoiteann; de bhrí go bhfuil an t-athrú aeráide agus an díghrádú ar an gcomhshaol mar chúis le héagobhsaíocht agus coinbhleachtaí méadaithe, guaiseacha a bhaineann leis an aeráid, tubaistí nádúrtha, ganntanas acmhainní lena n-áirítear neamhshlándáil uisce agus bia, easáitiú inmheánach agus imirce éigeantais;	C. de bhrí go bhfuil an choinbhleacht agus an t-athrú aeráide mar an dá phríomhchúis atá leis an méadú ar riachtanais dhaonnúla, gur gníomhaíochtaí an duine is cúis leis an dá cheann agus gur féidir iad a aisiompú le gníomhaíocht chomhbheartaithe agus chomhchoiteann, agus go mbíonn tionchar níos mó acu ar na tíortha agus na daonraí is boichte; de bhrí go bhfuil an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus an díghrádú ar an gcomhshaol mar chúis le héagobhsaíocht agus coinbhleachtaí méadaithe, guaiseacha a bhaineann leis an aeráid, tubaistí nádúrtha, ganntanas acmhainní lena n-áirítear neamhshlándáil uisce agus bia, easáitiú inmheánach agus imirce éigeantais, agus ar an gcaoi sin go ndéantar difear díréireach do mhná agus do ghrúpaí leochaileacha;

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	C a. de bhrí nach tubaiste dá muintir amháin í an staid dhaonnúil sa tSúdáin, gur mainneachtain dhomhanda maidir le

	gníomhaíocht, cuntasacht agus cabhair dhaonnúil atá inti, agus go bhfuil sciar mór den tragóid leanúnach sin ag mná agus cailíní;

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
D. de bhrí go bhfuil easpa scanrúil rochtana daonnúla i go leor comhthéacsanna, rud atá níos measa fós mar gheall ar an méadú atá tagtha ar threochtaí contúirteacha agus díobhálacha i léirmhíniú agus i gcur i bhfeidhm an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta (DDI);	D. de bhrí go bhfuil easpa scanrúil rochtana daonnúla gan bhac ar dhaoine atá i ngátar, lena n-áirítear le linn coinbhleachta, tubaistí nádúrtha, teagmhais aeráide, ráigeanna sláinte agus feadh bealaí imirceach, rud atá níos measa fós mar gheall ar an méadú atá tagtha ar threochtaí contúirteacha agus creimneacha i léirmhíniú agus i gcur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine (IHRL), an dlí dhaonnúil (DDI) agus na bprionsabal daonnúil; ***de bhrí gur tharraing oibrithe chearta na Náisiún Aontaithe aird ar neamhghníomhaíocht an chomhphobail idirnáisiúnta; de bhrí go bhfuil líon gan fasach ionsaithe ar oibrithe daonnúla agus ar phobail shibhialtacha agus ar bhonneagar sibhialtach i suíomhanna ina bhfuil géarchéim agus coinbhleacht;*** de bhrí go ndéanann an iliomad géarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain difear díréireach do mhná, cailíní, daoine LADTIA+, imircigh agus dídeanaithe[1a]**,** lena n-áirítear an ghéarchéim dhaonnúil, easáitithe agus ocrais is mó ar domhan sa tSúdáin, an choinbhleacht agus an t-easáitiú leanúnach in Gaza, iarmhairtí an chreatha talún i Maenmar, ráigeanna calair i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, géarghanntanais bhia agus uisce i gCorn na hAfraice, coinbhleachtaí fadtréimhseacha sa tSiria agus in Éimin, agus géarchéim na ndídeanaithe sa tSúdáin Theas;

1a

https://www.oxfam.org.uk/documents/715/Rights_Resilience_Response.pdf.

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	D a. de bhrí nach bhfuil aon rochtain ag níos mó ná 18 faoin gcéad de mhná agus cailíní na hAfganastáine ar oibrithe cabhrach ban nó nach bhfuil ach rochtain theoranta acu orthu; de bhrí nach gceadaítear ach d'oibrithe cabhrach ban labhairt le mná agus cailíní chun measúnuithe ar riachtanais a dhéanamh agus chun cabhair a sholáthar;

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	D b. de bhrí gur cheart go leanfadh cabhair dhaonnúil AE de bheith íogair ó thaobh inscne agus aoise de, agus go mbeadh sé mar aidhm aici a bheith inscne-fhreagrúil agus aoisfhreagrúil, agus riachtanais, leochaileachtaí agus acmhainneachtaí sonracha gach duine á gcur san áireamh;

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
1. á áitiú gur gá do na páirtithe uile i gcoinbhleacht urraim a thabhairt do DDI agus don dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an urraim sin a áirithiú; á áitiú	1. á áitiú gur gá do na páirtithe uile i gcoinbhleacht urraim a thabhairt do DDI agus don dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an urraim sin a áirithiú; ***ag***

gur gá lárnacht na bprionsabal daonnúil i ngníomhaíocht sheachtrach AE a threisiú;	***tabhairt dá haire go n-úsáidtear éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh mar airm chogaidh agus gur coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus gníomhartha a chuireann le cinedhíothú iad; á chur i bhfáth go bhfuil ról ag eagraíochtaí chearta na mban maidir le rochtain a thabhairt d'íospartaigh ar cheartas agus ar sheirbhísí tacaíochta;*** á áitiú gur gá lárnacht na bprionsabal daonnúil i ngníomhaíocht sheachtrach AE a threisiú go láidir;

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 a. á mheabhrú gur Aontas luachbhunaithe é AE, a bhfuil comhionannas inscne ar cheann dá chroíphrionsabail, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; á chur i bhfáth, thairis sin, go gcumhdaítear le hAirteagal 8 CFAE freagracht AE comhionannas inscne a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile;

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 b. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a chur chun cinn ar fud an domhain agus tiomantas AE rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte atáirgthe agus máithreacha a áirithiú, lena n-áirítear frithghiniúint éigeandála, próifiolacsas iartheagmhála, cóireálacha ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha agus

	rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil do chách, lena n-áirítear marthanóirí éignithe, mar chuid dá gceart cosanta ar chúram leighis bunriachtanach agus dá gcomhtháthú cothrom i gcórais cúraim sláinte phríomhúil agus thánaistigh, chomh maith le bainistiú cliniciúil ar éigniú do mhná agus do chailíní a ndéanann géarchéimeanna daonnúla difear dóibh agus pobail leochaileacha eile, lena n-áirítear iad siúd a ndéantar idirdhealú trasnach orthu; ag tathant ar AE agus ar a chomhpháirtithe daonnúla seirbhísí ginmhillte sábháilte a áireamh agus a sholáthar go héifeachtach sa phacáiste um sheirbhís tosaigh íosta (MISP);

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 c. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé gné a fhreagraíonn do chúrsaí inscne a áirithiú mar chuid lárnach de ghníomhaíochtaí uile AE maidir le cabhair dhaonnúil agus bainistiú géarchéime, lena n-áirítear sa bheartas eachtrach; ag meabhrú thiomantas an Aontais do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), agus béim ar leith á leagan ar SFI 5 maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, atá bunriachtanach chun sochaithe athléimneacha agus cuimsitheacha a thógáil; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach SFI 5 a bhaint amach chun gach SFI eile a bhaint amach agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach chun na torthaí a leagtar amach i gclár oibre 2030 a bhaint amach;

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 d. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an fhrithfhreagairt i gcoinne an chomhionannais inscne agus an chreata idirnáisiúnta um chearta an duine ina bhfuil sé mar aidhm mná agus cailíní i gcásanna leochaileacha nó imeallaithe a chosaint ar fud an domhain, lena n-áirítear daoine LADTIA+; á iarraidh ar AE agus ar Bhallstáit uile AE dlús a chur lena n-iarrachtaí bunluachanna AE a chosaint agus urraim do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta a neartú;

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 e. á chur i bhfios gur minic a chuireann géarchéimeanna daonnúla leis an neamhionannas inscne atá ann cheana agus le noirm shóisialta idirdhealaitheacha, rud a chuireann teorainn bhreise le rochtain na mban agus na gcailíní ar sheirbhísí bunriachtanacha, le feidhmiú iomlán a gceart, agus le neamhspleáchas pearsanta;

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 f. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil sáruithe ar chearta an duine agus foréigean inscnebhunaithe fós forleathan i suíomhanna coinbhleachta, agus nach leor fós na hiarrachtaí chun

	cosc agus tacaíocht do mharthanóirí, agus rochtain ar an gceartas; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, i measc seirbhísí atá ag laghdú, go bhfuil eagla ar eagraíochtaí atá faoi stiúir ban agus eagraíochtaí um chearta na mban nach dtabharfaí aghaidh ar fhoréigean inscnebhunaithe nó go rachadh sé i ndéine;

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 g. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di scriosadh an bhonneagair sláinte agus blocáil chórasach na cabhrach daonnúla in Gaza; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit rochtain neamhshrianta ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe agus ar sheirbhísí sláinte máithreacha a áirithiú do gach bean agus cailín atá thíos leis an gcoinbhleacht;

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
2. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú atá tagtha ar sháruithe DDI le blianta beaga anuas — ar tuairiscíodh cuid acu mar mhodhanna straitéiseacha cogaíochta — go háirithe sa tSúdáin, in Gaza, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, san Úcráin agus i Háití; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht idirnáisiúnta láithreach chun deireadh a chur leis an ngéarchéim dhaonnúil dhoghlactha in Gaza, i bhfianaise an imshuí a d'achtaigh Rialtas Iosrael;	2. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú atá tagtha ar sháruithe DDI le blianta beaga anuas — ar tuairiscíodh cuid acu mar mhodhanna straitéiseacha cogaíochta — go háirithe sa tSúdáin, in Gaza, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, san Úcráin agus i Háití; ***á chur i bhfios go láidir a thromchúisí atá an ghéarchéim dhaonnúil in Gaza, go háirithe do mhná, do leanaí agus do ghrúpaí leochaileacha eile, mar thoradh ar an imshuí fada agus ar na hionsaithe mórscála a rinne Rialtas Iosrael ar shibhialtaigh, ospidéil, scoileanna agus***

bonneagar daonnúil; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an staid dhaonnúil thubaisteach, go háirithe do mhná agus do chailíní, i Stráice Gaza, go háirithe an easpa bia agus an míchothú forleathan mar thoradh ar rochtain neamhleor ar chabhair dhaonnúil; á athdhearbhú nach mór láithreáin dáileacháin, sibhialtaigh, oibrithe daonnúla agus foireann leighis a chosaint agus nár cheart go ndéanfaí gníomhaíocht mhíleata orthu; á chur i bhfios go láidir a phráinní atá sé go mbeadh rochtain iomlán, thapa, shábháilte agus gan bhac ag gach comhlacht daonnúil idirnáisiúnta a bhfuil taithí acu ar Stráice Gaza ina hiomláine agus ar fud Stráice Gaza ina hiomláine, agus béim á leagan ar bhunriachtanais amhail bia, uisce, soláthairtí leighis agus dídean a sholáthar, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus á éileamh go ndéanfar bonneagar ríthábhachtach a athbhunú láithreach; ag cur béim ar oibleagáidí na bpáirtithe sa choinbhleacht, faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta, maidir le cúnamh daonnúil a sholáthar; ***á thabhairt chun suntais go bhfuil tosaíocht shoiléir ag AE, eadhon sos cogaidh láithreach agus buan;*** á iarraidh go scaoilfí saor láithreach agus gan choinníoll gialla uile Iosrael atá fós i nGaza, na gialla atá beo agus na gialla atá éagtha araon; ag tabhairt dá haire, áfach, nach féidir glacadh le bás leanúnach sibhialtach, agus nach mór go ligfí isteach cabhair ríthábhachtach, lena n-áirítear cabhair a bhaineann go sonrach le mná agus cailíní;

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2 a. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú suntasach ag teacht ar an ngá atá le cabhair dhaonnúil mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar phraghsanna bia,

	fuinnimh agus leasacháin, arb é an cogadh in Gaza, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus coinbhleachtaí eile is cúis leis; á chur i bhfáth go mbíonn tionchar díreach ag géarchéimeanna casta geopholaitiúla ar infhaighteacht earraí bunriachtanacha ar mhargaí domhanda, rud a dhéanann difear go háirithe do na pobail is leochailí, lena n-áirítear leanaí agus mná;

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2 b. á iarraidh freisin go gcoinneofaí cúnamh daonnúil AE don phobal sibhialtach atá thíos le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus go gcuirfí dlús leis, agus béim ar leith á leagan ar riachtanais daoine easáitithe ina dtír féin, dídeanaithe, daoine scothaosta agus leanaí, lena n-áirítear íospartaigh díbeartha éigeantais chuig Cónaidhm na Rúise agus chuig críocha faoi fhorghabháil;

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2 c. á chur in iúl gur saoth léi an easpa airde agus gníomhaíochta idirnáisiúnta maidir leis na géarchéimeanna san Afraic agus i dtíortha eile atá i mbéal forbartha, rud a fhágann go bhfuil 6.7 milliún duine sa tSúdáin i mbaol foréigin inscnebhunaithe (GBV); á iarraidh, dá bhrí sin, ar ghníomhaithe domhanda rochtain níos fearr ar bhia, uisce glan, cúram leighis agus tacaíocht shíceolaíoch a áirithiú, go háirithe do mhná agus do

	leanaí; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cearta na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn ar fud an domhain, ar nithe iad atá ríthábhachtach chun cearta an duine a bhaint amach; ag cur béim ar an bhfíoras, in ainneoin roinnt dul chun cinn, go bhfuil idirdhealú agus foréigean inscnebhunaithe fós á bhfulaingt ag mná agus cailíní;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2 d. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an chabhair á húsáid mar uirlis troda ag go leor tíortha, rud a dhéanann dochar díréireach do mhná agus do chailíní; á chur i bhfios go bhfuil oibleagáidí orainn, mar chomhphobal idirnáisiúnta, seasamh le DDI, a bhfuil dúshlán á thabhairt dó gan amhras i roinnt réigiún, rud a chuireann leis na leochaileachtaí i measc na mban agus na bpobal imeallaithe;

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. á chur in iúl gur saoth léi an laghdú ar an spás daonnúil agus ídiú na bprionsabal daonnúil, ar bacainní suntasacha iad ar sholáthar cúnaimh tarrthála i roinnt suíomhanna atá buailte ag coinbhleacht; ag cáineadh go láidir an mhéadaithe scanrúil atá tagtha ar ionsaithe ar phobail shibhialtacha agus ar an mbonneagar atá riachtanach chun go dtiocfaidh siad slán agus ar oibrithe cabhrach daonnúla; á iarraidh go dtabharfaí déantóirí na gcoireanna chun cuntais;	3. á chur in iúl gur saoth léi an laghdú ar an spás daonnúil agus ídiú na bprionsabal daonnúil, chomh maith le neamhchomhlíonadh institiúidí idirnáisiúnta agus barántas gabhála de chuid na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, ar bacainní suntasacha iad ar sholáthar cúnaimh tarrthála i roinnt suíomhanna atá buailte ag coinbhleacht; ag cáineadh go láidir an mhéadaithe scanrúil atá tagtha ar ionsaithe ar phobail shibhialtacha agus ar an mbonneagar atá riachtanach chun go dtiocfaidh siad slán agus ar oibrithe

	cabhrach daonnúla; á iarraidh go dtabharfaí déantóirí na gcoireanna chun cuntais;

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
4. á chur in iúl gur oth léi go mór go bhfuil sé ar intinn ag roinnt Ballstát tarraingt siar ó Choinbhinsiún Ottawa 1997 agus ó Choinbhinsiún Osló 2008;	4. á chur in iúl gur oth léi go mór go bhfuil an chabhair dhaonnúil á cur ar gcúl san ord tosaíochta, go háirithe do mhná agus cailíní, ag roinnt Ballstát AE, agus go bhfuil sé ar intinn acu tarraingt siar ó Choinbhinsiún Ottawa 1997 agus ó Choinbhinsiún Osló 2008;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
5. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí a neartú chun sáruithe ar DDI a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san fhaireachán a dhéantar ar sháruithe ar DDI trí shonraí a bhailiú agus trí abhcóideacht atá níos éifeachtaí agus bunaithe ar fhianaise;	5. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) gníomhaíochtaí a neartú chun sáruithe ar DDI a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san fhaireachán a dhéantar ar sháruithe ar DDI trí shonraí a bhailiú agus trí abhcóideacht atá níos éifeachtaí agus bunaithe ar fhianaise; ***á athdhearbhú gur gá do AE ról ceannasach a ghlacadh ar an leibhéal iltaobhach maidir le cearta na mban sa bheartas eachtrach agus daonnúil a chur chun cinn; á iarraidh ar AE, ar a Bhallstáit, ar an gCoimisiún agus ar SEGS gealltanas a thabhairt dul chun cinn a dhéanamh i dtreo beartas forbartha agus daonnúil lena mbaineann fís inscne-fhreagrúil agus thrasnach, agus comhionannas inscne a chur chun cinn tuilleadh ina ngníomhaíocht sheachtrach; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, go bhfuil méadú ag teacht ar an líon lártheagmhálaithe inscne agus***

	go bhfuil siad á gcur ar bhonn foirmiúil, agus go bhfuil lártheagmhálaithe inscne ag 99 % de thoscaireachtaí an Aontais agus ag 87 % de sheirbhísí ceanncheathrún anois; á chur i bhfios go gcuidíonn pointí fócasacha daonnúla inscne-aoise le fócas a choinneáil ar fhoréigean inscnebhunaithe a chosc agus ar fhreagairt dó;

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. á athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún straitéis taidhleoireachta daonnúla AE a fhorbairt, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), chun borradh a chur faoi iarrachtaí agus chun cur chuige níos córasaí agus níos comhordaithe maidir le taidhleoireacht dhaonnúil a áirithiú;	6. á athdhearbhú a hiarrata práinní ar an gCoimisiún straitéis taidhleoireachta daonnúla AE a fhorbairt, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), chun borradh a chur faoi iarrachtaí agus chun cur chuige níos córasaí agus níos comhordaithe maidir le taidhleoireacht dhaonnúil a áirithiú;

Leasú 43

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6 a. á chur i bhfáth go bhfuil gá le rochtain dhaonnúil neamhspleách ar gach saoráid a bhaineann leis an imirce, lena n-áirítear ionaid choinneála, teophointí, agus criosanna teorann neamhfhoirmiúla, ina bhfuil rioscaí méadaithe foréigin, dúshaothraithe agus diúltaithe seirbhísí bunriachtanacha, lena n-áirítear cúram sláinte gnéis agus atáirgthe, roimh mhná agus daoine LADTIA+; á iarraidh go mbeadh sásraí trédhearcacha faireacháin agus cuntasachta ann sna suíomhanna sin;

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6 b. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit scéimeanna cúitimh a fhorbairt, lena n-áirítear bearta siombalacha, ábhartha agus síceasóisialta, do mharthanóirí sáruithe ar chearta gnéis agus atáirgthe i gcomhthéacsanna daonnúla, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá pobail dá ndéantar difear, go háirithe mná agus cailíní, a áireamh i ndearadh na sásraí sin;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistiú daonnúil a mhéadú go suntasach sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile, go háirithe i bhfianaise na bearna atá ag dul i méid idir riachtanais dhaonnúla agus cistiú;	7. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a gcistiú daonnúil a mhéadú go suntasach, lena n-áirítear sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile, go háirithe i bhfianaise na bearna atá ag dul i méid idir riachtanais dhaonnúla agus cistiú, agus á iarraidh go ndéanfaí cistiú sonrach, inbhuanaithe, solúbtha, ilbhliantúil a leithdháileadh chun a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear a riachtanais sláinte gnéis agus atáirgthe, i bhfreagairtí daonnúla, lena n-áirítear trí eagraíochtaí um chearta na mban a chistiú, a bhfuil an rochtain is mó acu ar phobail atá buailte ag géarchéimeanna;

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 a. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar tús áite le cistiú le haghaidh cabhair dhaonnúil do na tionscadail agus do na heagraíochtaí sin a thacaíonn le mná agus cailíní ar íospartaigh coinbhleachta agus athraithe aeráide iad, do dhídeanaithe nó i gcásanna riachtanais dhaonnúil is mó atá i mbaol a gcistiú a chiorrú[1a]***;***
	[1a] ***Mná na Náisiún Aontaithe, Aibreán 2025, 'At a breaking point: The impact of foreign aid cuts on women's organizations in humanitarian crises worldwide' [Ag pointe briste: Tionchar na gciorruithe cabhrach eachtraí ar eagraíochtaí ban i ngéarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain].***

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 b. á iarraidh go n-áireofaí sna tionscadail dhaonnúla uile arna gcistiú ag an Aontas táscairí inscne-fhreagrúla agus sásraí faireacháin chun a áirithiú go sroichfidh an chabhair mná agus cailíní go héifeachtach, go bhfreagróidh sí dá riachtanais shonracha agus go rannchuideoidh sí le comhionannas inscne a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé freagairtí daonnúla saincheaptha a fhorbairt lena gcuirtear san áireamh riachtanais agus réaltachtaí na mban atá ina gcónaí i gceantair thuaithe atá thíos le géarchéimeanna iomadúla;

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 c. á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí na hiarrachtaí chun tacú le cuir chuige nuálacha maidir le cistiú daonnúil a mheas go sonrach ar na hiarrachtaí sin lena gcumhachtaítear mná agus cailíní go heacnamaíoch agus go sóisialta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá tuairisciú trédhearcach agus meastóireachtaí neamhspleácha chun measúnú a dhéanamh ar thionchair inscne na gníomhaíochta daonnúla arna cistiú ag an Aontas;

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 d. ag tathant ar an gCoimisiún diúltú don treocht mhéadaitheach i dtreo cabhair dhaonnúil a dhíchistiú, agus ag cur béim ar an bhfíoras nach ceist í an tacaíocht a bhaineann le hacmhainneacht ach le toil pholaitiúil agus freagracht mhorálta; á áitiú nach mór don Choimisiún, agus don Aontas i gcoitinne, dea-shampla a thabhairt agus cistiú láidir, marthanach a áirithiú d'iarrachtaí daonnúla;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7e. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ag

	gluaiseachtaí frithghníomhacha agus páirtithe náisiúnacha laistigh de Pharlaimint na hEorpa féin ar fhorbairt agus ar chabhair dhaonnúil a chuireann AE ar fáil i bhfoirm deontas do ENRanna a aithnítear mar eagraíochtaí leasa phoiblí choitinn agus go bhfuil siad á gcáineadh;

Leasú 51

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 f. á chur i bhfáth nár cheart cabhair dhaonnúil a bheith thíos leis an méadú ar chaiteachas cosanta, go háirithe i bhfianaise géarchéimeanna domhanda a mbíonn tionchar díréireach acu ar mhná agus ar chailíní; á thabhairt chun suntais go bhfuil baol ann go ndéanfadh ciorruithe ar chistiú daonnúil neamhionannais inscne a dhoimhniú agus go mbainfí an bonn de thacaíocht chriticiúil do shláinte, do shábháilteacht agus do shlite bheatha na mban i suíomhanna coinbhleachta agus tubaistí;

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
11. á iarraidh ar na Ballstáit a ngealltanas comhchoiteann a chomhlíonadh maidir le 0.7 % ar a laghad den ollioncam náisiúnta (OIN) a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil forbraíochta (COF) agus 10 % dá COF a dhíriú ar ghníomhaíocht dhaonnúil;	11. á iarraidh ar na Ballstáit a ngealltanas comhchoiteann a chomhlíonadh maidir le 0.7 % ar a laghad den ollioncam náisiúnta (OIN) a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil forbraíochta (COF) agus 10 % dá COF a dhíriú ar ghníomhaíocht dhaonnúil; ***á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú rialta, leormhaith agus inbhuanaithe a áirithiú; á iarraidh go ndéanfaí cabhair dhaonnúil a mhaoiniú go príomha le hacmhainní poiblí, lena n-***

áirítear na heagraíochtaí atá ag obair ar son an chomhionannais inscne agus chearta na mban, ós rud é go mbainfear an bonn go mór de rochtain ar sheirbhísí tarrthála arna soláthar ag eagraíochtaí atá faoi stiúir na mban agus eagraíochtaí um chearta na mban trí chúnamh a laghdú; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i mná agus i gcailíní mar infheistíocht straitéiseach a mbeidh tionchair dhearfacha fhadtéarmacha aici do chách, rud a dhéanfaidh difear do rathúnas sochaíoch agus eacnamaíoch do na glúnta atá le teacht; á chur in iúl gur oth léi gur tharraing USAID cistiú siar agus ag aithint an tionchair thubaistigh a bhí aige ar aidhm an phobail dhomhanda comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumhachtú; á chur in iúl gur saoth léi a héifeacht dhíobhálach ar rátaí mortlaíochta máithreacha mar thoradh ar rochtain laghdaithe ar oideachas gnéasach agus ar chúram sláinte atáirgthe; á chur i bhfáth, go sábhálann infheistíocht i gcomhionannas inscne beathaí i suíomhanna daonnúla; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go práinneach ar na bearnaí atá fágtha ag na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear trí dhlús a chur le rannchuidiú AE le tacú le heagraíochtaí atá ag soláthar príomhsheirbhísí tarrthála i gcomhthéacsanna daonnúla, lena n-áirítear i réimse na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe;

Leasú 53

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 a. ag tabhairt foláirimh go bhfuil cistiú chearta na mban á chur ar gcúl san ord tosaíochta níos mó agus níos mó agus

go bhfuil gluaiseachtaí pobail agus eagraíochtaí um chearta na mban fós tearcmhaoinithe go sistéamach, agus níos lú ná 1 % de COF domhanda á fháil acu[1a]***; á thabhairt chun suntais, ag an am céanna, go bhfuil méadú imníoch ar mhaoiniú frith-inscne arb é is aidhm dó gníomhú i gcoinne an dul chun cinn atá déanta maidir le cearta na mban agus cearta LADTIA+ le blianta beaga anuas; á iarraidh ar an gCoimisiún gealltanas a thabhairt 85 % de chistiú ODA a leithdháileadh ar thionscadail ina n-ionchorpraítear inscne mar chuspóir suntasach nó mar phríomhchuspóir agus 20 % ar a laghad ar thionscadail lena dtacaítear le gníomhaíochtaí maidir le comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní mar phríomhchuspóir laistigh den chéad CAI eile; á iarraidh go mbunófaí sásraí tiomnaithe cosanta agus athlonnaithe AE do chosantóirí chearta na mban agus d'eagraíochtaí feimineacha a ndírítear orthu mar gheall ar a gcuid oibre i réimse na gceart gnéis agus atáirgthe agus an chomhionannais inscne, go háirithe i gcomhthéacs an údarásaíochais, na coinbhleachta agus na forghabhála;***

[1a] ***Achoimre beartais ODI, Where next for feminist foreign policy on funding feminist movements?, https://media.odi.org/documents/ODI-ET-FundingMovements-PB-EN-May24-Final.pdf.***

Leasú 54

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
12. á thabhairt chun suntais, de bharr na héagsúlachta de chomhthéacsanna leochaileacha, go bhfuil gá le cineálacha cur chuige saincheaptha agus le hionstraimí	12. ***á chur i bhfios go láidir go bhfuil nasc domhain idir coinbhleachtaí armtha agus géarchéimeanna daonnúla agus aeráide, an méadú ar an imirce éigeantais agus ar***

sonracha airgeadais lena gcothaítear gníomhaíocht chomhbheartaithe i measc gníomhaithe daonnúla, forbartha agus síochána, agus béim ar leith á leagan ar dhul i dteagmháil le gníomhaithe áitiúla agus ar chumhacht a thabhairt dóibh;

an ngáinneáil ar dhaoine, agus baol an dúshaothraithe, a dhéanann difear díréireach do mhná agus do chailíní; á thabhairt chun suntais gur gá bearta a neartú chun íospartaigh a chosc, a shainaithint, a chosaint agus chun tacú leo, lena n-áiritheofar go n-áireofar gné na hinscne i ngach gníomhaíocht dhaonnúil agus go gcuirfear cearta na ndaoine is leochailí chun cinn, trí chomhordú éifeachtach idir institiúidí ábhartha AE, na Ballstáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an riosca méadaithe a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine i suíomhanna daonnúla, ina ndéanann gáinneálaithe dúshaothrú ar imthosca leochaileacha agus uafásacha na bpobal easáitithe, go háirithe mná agus cailíní; á chur i bhfáth go bhfuil gá le bearta cosanta inscne-fhreagrúla, lena n-áirítear sásraí tuairiscithe sábháilte, rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha, agus iarrachtaí frithgháinneála a chomhtháthú i ngach céim den fhreagairt dhaonnúil; á thabhairt chun suntais, de bharr na héagsúlachta de chomhthéacsanna leochaileacha, go bhfuil gá le cineálacha cur chuige saincheaptha agus le hionstraimí sonracha airgeadais lena gcothaítear gníomhaíocht chomhbheartaithe i measc gníomhaithe daonnúla, forbartha agus síochána, agus béim ar leith á leagan ar dhul i dteagmháil le gníomhaithe áitiúla agus ar chumhacht a thabhairt dóibh; ***á chur i bhfáth, le linn géarchéimeanna daonnúla, go ndéanann cliseadh seirbhísí bunriachtanacha difear díréireach do mhná agus do chailíní, agus gur minic gurb iad a mbunriachtanais na chéad riachtanais nach gcomhlíontar, cé go mbítear ag dréim leis go líonfaidís bearnaí seirbhíse – mar shampla, trí fhreagrachtaí cúraim méadaithe a ghlacadh agus trí bhia agus uisce a dhaingniú; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór riachtanais shonracha na mban óg agus na mban scothaosta araon a chur san áireamh i straitéisí daonnúla, a mbíonn leochaileachtaí ar leith os a***

	gcomhair go minic, lena n-áirítear eisiamh ó phróisis phleanála, rochtain theoranta ar sheirbhísí saincheaptha, agus riosca méadaithe mí-úsáide nó faillí; á iarraidh go mbeadh cláir shonracha ann atá saincheaptha do dhaoine óga, go háirithe mná agus cailíní, lena ráthaítear a rochtain ar oideachas, ar shláinte mhíosta, ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar thacaíocht shíceasóisialta;

Leasú 55

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	12 a. á iarraidh go n-áiritheofaí cumhachtú eacnamaíoch na mban agus na gcailíní agus go n-áiritheofaí go mbeidh rochtain leanúnach acu ar ioncam, ar oideachas, ar bhia agus ar spásanna sábháilte, agus go n-aithneofaí go gcuireann neamhláithreacht na ngnéithe bunriachtanacha sin go mór leis an mbaol go mbeadh foréigean eacnamaíoch inscnebhunaithe, dúshaothrú agus cleachtais dhíobhálacha ann amhail luathphósadh, teacht i dtír gnéasach agus imirce trí bhealaí neamhsábháilte;

Leasú 56

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	12 b. á thabhairt chun suntais, go háirithe, an staid san Afganastáin, a bhfuil géarchéim dhaonnúil thromchúiseach agus chasta ag bagairt uirthi, agus cúnamh de dhíth ar níos mó ná 23.7 milliún duine; ag tabhairt dá haire gur dócha go dtiocfaidh meath

	breise ar an staid mar gheall ar dhíbirt dídeanaithe ón bPacastáin agus ón Iaráin agus mar gheall ar éagobhsaíocht réigiúnach leanúnach; á chur in iúl gur geal léi gealltanas tacaíochta EUR 266 mhilliún AE, agus á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí áitiúla spriocdhírithe chun cabhrú le mná agus cailíní;

Leasú 57

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige uaillmhianach agus comhtháite i leith na leochaileachta a thíolacadh gan mhoill, agus dul i gcomhairle leis an bParlaimint maidir le hullmhú agus cur chun feidhme an chur chuige sin;	13. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS straitéis uaillmhianach agus comhtháite i leith na leochaileachta, lena gcuirtear gné na hinscne san áireamh, a thíolacadh gan mhoill agus dul i gcomhairle leis an bParlaimint maidir le hullmhú agus cur chun feidhme na straitéise sin; ***á thabhairt chun suntais gur cheart mná i gcomhthéacsanna daonnúla a aithint ní hamháin mar íospartaigh, ach mar ghníomhairí don athrú a spreagann claochlú dearfach go gníomhach agus a mhúnlaíonn a gcinniúintí féin;*** á chur i bhfáth nach mór a n-acmhainneacht, a n-eolas agus a gcumas iomlán a mheas go fóinteach agus a chomhtháthú san athchóiriú ar bheartais agus ar chleachtais dhaonnúla agus slándála, chun freagairtí níos cuimsithí, níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a áirithiú;

Leasú 58

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 a. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le dearadh inscne-fhreagrúil agus cuimsitheach a leabú i ngach pleanáil dhaonnúil, agus béim ar leith á leagan ar

	riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear mná torracha agus grúpaí imeallaithe, amhail daoine LADTIA+, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil idirdhealú trasnach os a gcomhair, agus a rannpháirtíocht fhóinteach sa chinnteoireacht dhaonnúil a áirithiú; á chur i bhfios go láidir nach mór do fhreagairtí daonnúla tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht agus do dhínit na mban agus do ghrúpaí leochaileacha eile, agus rochtain ar sheirbhísí dóibh, a ndéantar neamhaird orthu go minic i suíomhanna géarchéime; á mheas, ina leith sin, go bhfuil bailiú sonraí arna miondealú de réir aoise, inscne agus míchumais ríthábhachtach chun freagairt dhaonnúil éifeachtach a phleanáil agus a mheas;

Leasú 59

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 b. ag meabhrú Marcóir Inscne-Aoise an Choimisiúin le haghaidh gníomhaíocht dhaonnúil, agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an treoir a chuirtear ar fáil maidir le conas ábhair imní inscne agus aoise a chomhtháthú sa ghníomhaíocht dhaonnúil agus maidir le conas an marcóir a chur i bhfeidhm ar thionscadail dhaonnúla;

Leasú 60

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 c. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go leanfadh AE de bheartais agus treoirlínte a fhorbairt i réimsí ábhartha na cabhrach daonnúla, ag tógáil ar an

	tionchar a bhí ag a bheartais théamacha i réimsí amhail cosaint, inscne, míchumas, bia, cothú, sláinte — lena n-áirítear tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta — dídean, uisce, sláintíocht agus sláinteachas, oideachas i gcásanna éigeandála, an comhshaol agus modhanna seachadta cabhrach; á iarraidh go ndéanfaí infheistíocht mhéadaithe i dtacaíocht mheabhairshláinte, lena n-áirítear cúram atá bunaithe ar thráma do mhná, do chailíní agus do dhaoine LADTIA+ i suíomhanna daonnúla, agus aitheantas á thabhairt d'iarmhairtí síceolaíocha fadtéarmacha na coinbhleachta armtha, an easáitithe agus an fhoréigin inscnebhunaithe;

Leasú 61

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 d. ag spreagadh an Choimisiúin treoirlínte a eisiúint lena n-iarrtar soláthar agus maoiniú soláthairtí agus seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe mar a leagtar amach in MISP maidir le sláinte ghnéis agus atáirgthe a áireamh go córasach i bhfreagairtí daonnúla, lena n-áirítear VEID/SEIF a chosc, sláinte atáirgthe, máthartha agus nuabheirthe agus pleanáil teaghlaigh, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha chothaitheacha agus ar leochaileachtaí sonracha;

Leasú 62

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	13 e. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS leanúint de thosaíocht a dhéanamh de chur chun cinn an chomhionannais inscne agus chearta agus chumhachtú na mban, lena n-áirítear SFI 5 a chur chun feidhme, i ngach tionscnamh gníomhaíochta seachtraí de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí thaidhleoireacht agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a ghiaráil chun comhionannas inscne a chur chun cinn ar an gclár oibre polaitiúil domhanda, agus Plean Gníomhaíochta a ghlacadh maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan i nGníomhaíocht Sheachtrach IV;

Leasú 63

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
14. á iarraidh ar an Aontas dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an naisc HDP trí thacú le heagraíochtaí áitiúla agus trína rannpháirtíocht iomlán i dtimthriall an chláir dhaonnúil a áirithiú;	14. á iarraidh ar an Aontas dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an naisc HDP trí thacú le heagraíochtaí áitiúla agus trína rannpháirtíocht iomlán i dtimthriall an chláir dhaonnúil a áirithiú; ***á iarraidh ar an gCoimisiún mná a áireamh sa chinnteoireacht uile, go háirithe ar an leibhéal áitiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún na comhpháirtíochtaí atá ann cheana le heagraíochtaí áitiúla faoi stiúir na mban agus eagraíochtaí áitiúla um chearta na mban a choinneáil agus, i gcás ina bhfuil athruithe riachtanach, cumarsáid thráthúil agus thrédhearcach a áirithiú chun tacú le haistrithe díniteacha, díobháil a laghdú agus leanúnachas seirbhísí; á chur in iúl go bhfuil sí go mór i gcoinne cabhair dhaonnúil a úsáid chun críocha slándála nó rialaithe imirce, lena n-áirítear teorainneacha a sheachtrú; á chur i bhfáth go mbaineann na cleachtais sin an bonn de phrionsabail na gníomhaíochta***

	daonnúla agus go ndéanann siad dochar díréireach do mhná, do chailíní, do dhaoine LADTIA+ agus do phobail easáitithe; á mheabhrú go laghdaíonn, brú siar agus beartais maidir le stop a chur le hiarrthóirí tearmainn agus imircigh a bhfuil cosaint de dhíth orthu ag teorainneacha seachtracha AE nó sula mbaineann siad na teorainneacha sin amach, luachanna AE mar a chumhdaítear i gConarthaí AE, agus go sáraíonn siad dlíthe daonnúla agus cearta an duine idirnáisiúnta agus Eorpacha;

Leasú 64

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
15. á iarraidh ar an gCoimisiún a ghealltanas a chomhlíonadh maidir le 25 % ar a laghad dá chistiú daonnúil a dhíriú ar ghníomhaithe áitiúla faoi 2027;	15. á iarraidh ar an gCoimisiún a ghealltanas a chomhlíonadh maidir le 25 % ar a laghad dá chistiú daonnúil a dhíriú chomh díreach agus is féidir ar ghníomhaithe áitiúla faoi 2027, agus béim ar leith á leagan ar eagraíochtaí áitiúla um chearta na mban; á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain na ngníomhaithe áitiúla agus náisiúnta ar chistí a éascú, a shimpliú agus a chomhchuibhiú i gcomhréir le gealltanais an Mhargaidh Mhóir;

Leasú 65

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
16. ag tabhairt dá haire gur bealach éifeachtúil í réamhghníomhaíocht i suíomhanna ina bhféadfadh géarchéimeanna a bheith ann go héasca sula dtarlaíonn géarchéimeanna daonnúla chun riachtanais dhaonnúla amach anseo a	16. ag tabhairt dá haire gur bealach éifeachtúil í réamhghníomhaíocht i suíomhanna ina bhféadfadh géarchéimeanna a bheith ann go héasca sula dtarlaíonn géarchéimeanna daonnúla chun riachtanais dhaonnúla amach anseo a chosc nó a mhaolú; ***ag cur béim ar an***

chosc nó a mhaolú;	***bhfíoras nach mór gné na hinscne a chomhtháthú go córasach sna cuir chuige réamh-mheasta sin, lena n-áiritheofar go dtabharfar aghaidh ar riachtanais, acmhainneachtaí agus ceannaireacht shonrach na mban agus na gcailíní agus go dtacófar leo;***

Leasú 66

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16 a. á iarraidh go n-áiritheofar dídean sábháilte, spásanna cosanta agus tacaíocht shíceolaíoch do mhná agus do chailíní ar íospartaigh foréigin iad i suíomhanna daonnúla, agus acmhainní leormhaithe agus inbhuanaithe á soláthar ag an am céanna;

Leasú 67

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
18. ag spreagadh na mBallstát chun dlús suntasach a chur lena n-infheistíocht i réamhghníomhaíocht chomhtháite arna stiúradh go háitiúil;	18. ***á iarraidh ar AE gníomhaíocht dhaonnúil inscne-fhreagrúil a fhorbairt chun ailíniú leis an nasc HDP, ag dul níos faide ná faoiseamh gearrthéarmach i dtreo infheistíocht fhadtéarmach in athléimneacht an phobail i gcoinne géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, lena mbeidh daoine de gach inscne rannpháirteach i bpleanáil freagartha, agus na bunchúiseanna á gcur san áireamh agus aghaidh á tabhairt orthu ar bhealach níos fearr; á mheabhrú nach mór don Aontas an nasc daonnúil agus forbartha a dhúnadh chun freagairt do thionchar na géarchéime agus na coinbhleachta ar na mic léinn is leochailí, amhail cailíní agus mná óga;*** ag spreagadh na mBallstát chun dlús

	suntasach a chur lena n-infheistíocht i réamhghníomhaíocht chomhtháite arna stiúradh go háitiúil; ***á chur i bhfios go gcuireann infheistíocht sa chabhair dhaonnúil ar ár gcumas géarchéimeanna daonnúla amach anseo agus an gá atá le hinfheistíochtaí níos mó a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí níos nithiúla a chur ar fáil maidir le caiteachas sonrach, cláir, rianú agus measúnú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hinscne i ngéarchéimeanna daonnúla; á chur i bhfios go bhfuil inrochtaineacht faisnéise, seirbhísí agus cúnaimh dhaonnúil bunriachtanach chun freagairt chuimsitheach agus éifeachtach a áirithiú do gach duine atá thíos leis an ngéarchéim, go háirithe do ghrúpaí i staideanna leochaileacha, amhail daoine faoi mhíchumas, leanaí agus daoine scothaosta;***

Leasú 68

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18 a. á athdhearbhú go ndírítear i straitéis sláinte domhanda an Aontais ar aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na drochshláinte, agus béim ar leith á leagan ar riachtanais agus ar chearta na mban, na leanaí agus na ndaoine óga, lena n-áirítear rochtain uilíoch ar shláinte agus ar chearta gnéis agus atáirgthe; á athdhearbhú gur príomhghné d'iarrachtaí faoisimh agus téarnaimh é rochtain na mban ar chúram sláinte agus ar thacaíocht shíceasóisialta a áirithiú agus gur tosaíocht é laistigh den nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin;

Leasú 69

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 18 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18 b. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cuimsiú na mban atá buailte ag an ngéarchéim a éascú chun rannchuidiú leis na pleananna freagartha agus téarnaimh ar ghéarchéimeanna a dhéanann difear dóibh féin, dá dteaghlaigh agus dá bpobail i gcoitinne;

Leasú 70

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18 c. á chur in iúl gur geal léi an fhoráil i bPlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne maidir le cúnamh daonnúil chun tacú le hullmhacht, cosc agus freagairt i ndáil le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe;

Leasú 71

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18 d. á iarraidh freisin go mbeadh rochtain shábháilte ar oideachas ag leanaí atá thíos le géarchéimeanna daonnúla, lena n-áirítear trí thacaíocht a sholáthar do scoileanna sealadacha agus do chláir chothaithe, agus tacaíocht shíceolaíoch a sholáthar;

Leasú 72

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18 e. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-áireofar, ina fhreagairt ar ghéarchéimeanna daonnúla, pacáistí sláinteachais mhíosta mar ghné chaighdeánach ina fhreagairtí éigeandála uile;

Leasú 73

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
19. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus chlár oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála, mar uirlis bhunriachtanach chun a áirithiú go ndéanfar cearta na mban agus na gcailíní a urramú i gcónaí;	19. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus chlár oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála, mar uirlis bhunriachtanach chun a áirithiú go ndéanfar cearta na mban agus na gcailíní a urramú i gcónaí; ***á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil foréigean inscnebhunaithe agus gnéasach fós ina sciúirse a úsáidtear go minic i gcoinbhleachtaí mar arm cogaidh, cé gurb iad mná agus cailíní is mó is dóichí a fhulaingeoidh iarmhairtí na coinbhleachta armtha agus an téimh dhomhanda;***

Leasú 74

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19 a. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé plean gníomhaíochta AE maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a athnuachan agus dul i ngleic go hoscailte le haon bhrú siar i gcoinne an chláir oibre sin ar fud an

domhain[1a] agus tosaíocht á tabhairt ag an am céanna do rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha sláinte gnéis agus atáirgthe a áirithiú do gach bean atá thíos le coinbhleacht agus cuntasacht agus cúiteamh a ráthú i leith sáruithe ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar sháruithe ar chearta gnéis agus atáirgthe i gcomhréir le caighdeáin agus moltaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine;

1a ***https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2025/769691/IUST_BRI(2025)769691_EN.pdf.***

Leasú 75

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19 b. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun riachtanais agus rannchuidiú sonrach na mban agus na gcailíní a chur san áireamh i straitéisí maidir le coinbhleachtaí a chosc, idirghabháil agus cothú na síochána;

Leasú 76

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19 c. á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go dtabharfaidh cabhair dhaonnúil arna cistiú ag an Aontas aghaidh go leormhaith ar riachtanais na mban, na gcailíní, na bhfear agus na mbuachaillí agus a áirithiú go leanfaidh AE de phríomhshruthú inscne a fheabhsú, de ghníomhaíochtaí lena ndírítear ar inscne

	a mhéadú, agus de phróiseas athbhreithnithe atá freagrach ó thaobh inscne de a áirithiú do thionscnaimh uile Global Gateway agus Fhoireann na hEorpa;

Leasú 77

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19 d. á iarraidh ar AE agus ar Bhallstáit uile AE a bheith ina sínitheoirí le Comhshocrú Gníomhaíochta WPS-Daonnúil, agus tuairisciú a dhéanamh ar na gealltanais a tugadh faoi, mar chuid de chur chuige comhoibríoch agus comhtháite chun cobhsaíocht agus síocháin fhadtéarmach a fhorbairt;

Leasú 78

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
20. á iarraidh ar na páirtithe uile i gcoinbhleachtaí armtha bearta a dhéanamh chun mná agus cailíní a chosaint ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus ar gach cineál eile foréigin i staideanna coinbhleachta armtha, chomh maith lena sláinte agus a gcearta gnéis agus atáirgthe a chur chun cinn;	20. á iarraidh ar na páirtithe uile i gcoinbhleachtaí armtha straitéisí cosanta a ionchorprú i ngach gné den chúnamh daonnúil agus bearta a dhéanamh chun mná agus cailíní a chosaint ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus ar gach cineál eile foréigin, bochtaineachta agus easáitithe éigeantaigh i gcásanna coinbhleachta armtha, lena n-áirítear luathphóstaí agus toircheas i measc déagóirí i gcomhthéacs géarchéimeanna daonnúla, as a n-eascraíonn cur isteach ar an oideachas agus a ngéaraíonn bochtaineacht ilghnéitheach, chomh maith lena sláinte agus a gcearta gnéis agus atáirgthe a chur chun cinn, go háirithe i gcás mhná na hÚcráine a theith chuig tíortha a bhfuil beartais sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe níos srianta acu agus a

	bhfuil rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil tuillte acu tar éis dóibh foréigean gnéasach a fhulaingt mar ghníomh cogaidh; á aithint go dtéann an foréigean sin i ndéine go minic le linn coinbhleachtaí agus gur féidir é a úsáid go córasach mar arm cogaidh;

Leasú 79

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20 a. á mheabhrú go bhfuil seans níos fearr ag comhaontuithe síochána ar thángthas orthu le rannpháirtíocht na mban a bheith inbhuanaithe agus éifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún mná a áireamh i ngach céim den chinnteoireacht i suíomhanna daonnúla agus iarchoinbhleachta;

Leasú 80

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
21. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag mná i suíomhanna daonnúla; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil eagraíochtaí áitiúla faoi stiúir na mban i measc na n-eagraíochtaí is mó atá buailte ag na ciorruithe a rinneadh le déanaí ar chabhair eachtrach, agus ag spreagadh rannpháirtíochta níos fearr leo i gclársceidealú daonnúil[7];	21. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag mná mar fhreagróirí túslíne i suíomhanna daonnúla; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil eagraíochtaí áitiúla faoi stiúir na mban agus eagraíochtaí LADTIA+ i measc na n-eagraíochtaí is mó atá buailte ag na ciorruithe a rinneadh le déanaí ar chabhair eachtrach, agus ag spreagadh rannpháirtíocht iomlán, chothrom agus fhóinteach i gclársceidealú daonnúil[7]**,** lena n-áirítear méadú ar chistiú solúbtha agus díreach; á thabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala di, go bhfuiltear ag dréim leis go ndúnfar beagnach leath (47 %) de na heagraíochtaí faoi stiúir na mban agus na n-eagraíochtaí ban a ndearnadh suirbhé orthu laistigh de 6 mhí

má tá na leibhéil chistiúcháin reatha fós ann, agus go bhfuil níos mó ná aon trian (35 %) fós sáinnithe in éiginnteacht, nach bhfuil siad in ann a gcuid oibre a phleanáil ná a choinneáil ar bun, agus nach dtuairiscíonn ach 18 % díobh go bhfuil siad ag súil go mbeidh siad in ann leanúint de bheith oibríochtúil ar feadh níos mó ná bliain amháin[7a]***; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé sábháilteacht agus rochtain ar sheirbhísí atá bunaithe ar riachtanais a áirithiú i gcampaí dídeanaithe agus in ionaid ghlactha, lena n-áirítear sláintíocht leormhaith, cúram sláinte, tacaíocht shíceasóisialta, cúram máithreachais, cúnamh dlíthiúil agus spásanna sábháilte; á chur i bhfios go láidir gur minic a bhíonn rioscaí méadaithe roimh mhná agus roimh chailíní sna suíomhanna sin, agus go bhfuil a rannpháirtíocht fhóinteach i ndearadh, i bpleanáil agus i mbainistiú ionad dídine do dhídeanaithe bunriachtanach chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí inrochtana, iomchuí agus freagrúil dá riachtanais shonracha;*** á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar ghníomhaithe daonnúla aghaidh a thabhairt ar bhacainní soghluaisteachta agus ar bhacainní a bhaineann le hiompar lena gcuirtear cosc ar mhná agus ar chailíní rochtain a fháil ar chabhair, lena n-áirítear iompar sábháilte chuig ionaid sláinte, pointí dáileacháin agus ionaid dídine;

---

[7] Mná na Náisiún Aontaithe, ‘Humanitarian funding cuts threaten women’s rights: What’s at stake and how to help’ [Cearta na mban i mbaol de bharr ciorruithe ar chistiú daonnúil: Cad atá i gceist agus conas cabhrú], 13 Bealtaine 2025, https://www.unwomen.org/en/articles/explainer/humanitarian-funding-cuts-threaten-womens-rights-whats-at-stake-and-how-to-help.

[7] Mná na Náisiún Aontaithe, ‘Humanitarian funding cuts threaten women’s rights: What’s at stake and how to help’ [Cearta na mban i mbaol de bharr ciorruithe ar chistiú daonnúil: Cad atá i gceist agus conas cabhrú], 13 Bealtaine 2025, https://www.unwomen.org/en/articles/explainer/humanitarian-funding-cuts-threaten-womens-rights-whats-at-stake-and-how-to-help.

[7a] ***https://www.unwomen.org/sites/default/fil***

es/2025-05/at-a-breaking-point-the-impact-of-foreign-aid-cuts-on-womens-organizations-in-humanitarian-crises-worldwide-en.pdf.

Leasú 81

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21 a. á thabhairt chun suntais leochaileachtaí sonracha na mban i gceantair thuaithe, iargúlta agus i limistéir ina bhfuil coinbhleacht, a mbíonn bacainní breise rompu go minic maidir le rochtain a fháil ar chabhair dhaonnúil, lena n-áirítear seirbhísí sláinte agus tacaíocht shíceolaíoch; á iarraidh go mbeadh cistiú spriocdhírithe agus clársceidealú cuimsitheach ann lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin thrasnacha sin;

Leasú 82

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21 b. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé dínit gach duine a chosaint i suíomhanna daonnúla, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar chailíní, trí rochtain chothrom ar sheirbhísí agus soláthairtí bunriachtanacha a áirithiú, lena n-áirítear pillíní sláintíochta agus táirgí sláinteachais mhíosta, spásanna sábháilte agus príobháideacha le haghaidh beathú cíche agus cúram máthartha, saoráidí sláintíochta atá íogair ó thaobh inscne de, agus soilsiú leormhaith chun sábháilteacht sna tráthnóna a fheabhsú;

Leasú 83

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
22. ag spreagadh an Choimisiúin, SEGS agus na mBallstát cineálacha cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de a chur chun cinn in idirghabhálacha daonnúla agus a dtacaíocht do rannpháirtíocht na mban i bpróisis chinnteoireachta dhaonnúla a mhéadú, lena n-áiritheofar go dtabharfar tosaíocht dá bpeirspictíochtaí agus dá riachtanais i ndearadh agus i seachadadh na cabhrach, i gcomhréir le cuspóirí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;	22. ag spreagadh an Choimisiúin, SEGS agus na mBallstát cineálacha cur chuige inscne-fhreagrúil a chur chun cinn in idirghabhálacha daonnúla agus a dtacaíocht a mhéadú do rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chothrom agus fhóinteach na mban ar gach leibhéal i bpróisis chinnteoireachta dhaonnúla, agus straitéisí um fhorbairt inscne-fhreagrúil á bhforbairt ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta lena gcuirtear ar chumas na mban teacht chun cinn go sábháilte agus róil cheannaireachta a ghlacadh i suíomhanna géarchéime, lena n-áiritheofar go dtabharfar tosaíocht dá bpeirspictíochtaí agus dá riachtanais i ndearadh agus i seachadadh na cabhrach, i gcomhréir le cuspóirí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; ***á iarraidh go n-áiritheofaí rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban ag gach céim de phróiseas síochána, lena n-áirítear iarrachtaí idirghabhála, coinbhleachtaí armtha a chosc agus a réiteach, cothú na síochána, atógáil iarchoinbhleachta agus caibidlíocht maidir le sos comhraic, agus cosaint na mban uile á neartú ag an am céanna;***

Leasú 84

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	22 a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an tionchar méadaitheach atá ag gluaiseachtaí bunúsacha sárchoimeádacha, frithinscne agus reiligiúnacha — laistigh agus lasmuigh de AE araon — a bhfuil sé d'aidhm acu

	an bonn a bhaint de chearta bunúsacha na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear i suíomhanna daonnúla; á chur i bhfáth gur minic a scaipeann gluaiseachtaí den sórt sin bréagaisnéis, go ndéanann siad stiogmatú ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe, agus go lagaíonn siad cosaint na mban ar fhoréigean inscnebhunaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit a áirithiú go leanfaidh cláir dhaonnúla arna gcistiú ag an Aontas de bheith bunaithe go daingean ar chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus ar chomhionannas inscne, agus tacú go gníomhach le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil gníomhaithe frithcheart dírithe orthu;

Leasú 85

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
23. ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfadh Ballstáit an Aontais Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go hiomlán;	23. ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfadh Ballstáit an Aontais Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go hiomlán; ***ag spreagadh na mBallstát a bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta (NAPanna) a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;***

Leasú 86

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	23 a. ag tabhairt rabhadh i gcoinne foréigean institiúideach agus faillí ag gníomhaithe daonnúla, lena n-áirítear clársceidealú dall ar inscne, timpeallachtaí neamhshábháilte do mhná

agus do dhaoine LADTIA+, agus easpa cuntasachta i leith mí-úsáidí; á iarraidh go mbeadh caighdeáin cheangailteacha ann maidir le híogaireacht inscne, córais tuairiscithe chuimsitheacha agus beartais neamhfhulaingthe ar fud na n-oibríochtaí daonnúla uile arna gcistiú ag AE;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	13.10.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+ : 25 - : 8 0 : 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Margarita de la Pisa Carrión, Valérie Devaux, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Alexandra Geese, Chiara Gemma, Fernand Kartheiser, Arba Kokalari, Elena Kountoura, Sebastian Kruis, Judita Laššáková, Eleonora Meleti, Carolina Morace, Maria Noichl, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Marko Vešligaj, Maria Walsh, Lucia Yar
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Christine Anderson, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Paulo Do Nascimento Cabral, Elisabeth Grossmann, Billy Kelleher, Katrin Langensiepen, Manuela Ripa, Beatrice Timgren, Marianne Vind
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Peter Agius, Daniel Caspary

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

25	+
PPE	Caspary Daniel, Do Nascimento Cabral Paulo, Kokalari Arba, Meleti Eleonora, Pietikäinen Sirpa, Princi Giusi, Ripa Manuela, Walsh Maria
Renew Europe	Cifrová Ostrihonová Veronika, Devaux Valérie, Kelleher Billy, Yar Lucia
S&D	Fritzon Heléne, Gálvez Lina, Grossmann Elisabeth, Noichl Maria, Rafowicz Emma, Scheuring-Wielgus Joanna, Vesligaj Marko, Vind Marianne
The Left	Kountoura Elena, Morace Carolina
Na Glasaigh/SCE	Geese Alexandra, Langensiepen Katrin, Scuderi Benedetta

8	-
ECR	Gemma Chiara, Timgren Beatrice, Trochu Laurence
ESN	Anderson Christine
NI	Kartheiser Fernand, Lassáková Judita
PfE	Kruis Sebastian, de la Pisa Carrión Margarita

1	0
PPE	Agius Peter

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh